## Konrad Adenauer, comhartha na haontachta agus na síochána

Meastar gurbh é Konrad Adenauer duine de na daoine ba thábhachtaí a d'oibrigh chun slí i dtreo Eoraip aontaithe a leagan síos. Mar chéad seansailéir Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, ar tugadh an Ghearmáin Thiar uirthi ag an am chomh maith, tar éis an Dara Cogadh Domhanda, bhí tionchar suntasach aige ar stair na Gearmáine agus ar stair na hEorpa araon. Mar gheall ar an méid a tharla dó faoi réimeas na Naitsithe, thuig sé nach bhféadfaí síochána mharthanach a bhaint amach ach tríd an aontacht. Bhí ról tábhachtach aige i mbaint amach an athmhuintearais idir an Ghearmáin agus an Fhrainc, nuair a rinneadh comhghuaillithe de dhá thír a bhí ina naimhde leis na cianta, agus d'oibrigh sé go tréan chun lánpháirtiú Eorpach a bhaint amach.

Tá tú ag éisteacht le sraith speisialta dár bpodchraoladh 'Stair agus Fíricí'. Sna heagráin seo, pléifimid scéalta na bhfear agus na mban a bhí freagrach as forbairt na hEorpa féin, mar aon lena féiniúlacht agus a luachanna. Is iad seo na máithreacha agus na haithreacha a bhí ag an Aontas.

Caithimis súil níos géire ar scéal an cheannródaí Eorpaigh Konrad Adenauer. Rugadh Adenauer an 5 Eanáir 1876 in Köln na Gearmáine. Ba Chaitlicigh bhochta agus daoine díograiseacha iad a mhuintir. Cuireadh borradh faoina ghairm pholaitiúil nuair a phós sé Emma Weyer, bean de shliocht saibhir agus dea-chlú in Köln. Trí bliana tar éis a bpósta, tugadh post dó mar cheann taca an Mhéara, Max Wallraf, uncail a mhná. Ach d'fhág tragóidí pearsanta an rath a bhí air ina ghairm faoi smál. Cailleadh a bhean in 1916 agus fágadh ina aonar le triúr leanaí é. Bhí timpiste bhóthair ag Adenauer féin agus chaith sé roinnt míonna san ospidéal. D'ainneoin an mhéid sin, bhí ag éirí go maith lena ghairm pholaitiúil fós. Nuair a ceapadh an méara mar Rúnaí Stáit do Ghnóthaí Baile i mBeirlín in 1917, toghadh Adenauer mar chomharba air d'aon ghuth. Ba é an ceannaire cathrach is óige sa Phrúis é. In 1919, phós sé a dara bean, Auguste Zinsser, agus bhí cúigear leanaí acu le chéile, cé gur cailleadh duine acu cúpla lá tar éis breithe.

Bhí Konrad Adenauer ar na polaiteoirí is láidre agus is mó le rá sa Ghearmáin, ach, mar thoradh ar a idéil phoblachtánacha agus a luachanna feidearálacha agus Críostaí, bhí drochmheas ag daoine a chur i gcoinne Phoblacht Weimar air, na Cumannaigh agus Naitsithe, cuir i gcás. Nuair a tháinig na Naitsithe i réim in 1933, dhiúltaigh sé svaisticí a chur ar foluain in Köln. Mar thoradh air sin, briseadh as a phost mar mhéara na cathrach é agus díbríodh as a bhaile dúchais é.

Gabhadh é i mí Lúnasa 1944. D'éirigh leis éalú, ach chuir an Gestapo sa phríosún é in Brauweiler i mí Mheán Fómhair na bliana sin. Ba phríosún míchlúiteach de chuid na Naitsithe é, a bhí cóngarach go leor do Köln. Coimeádadh go leor príosúnaigh pholaitiúla ann, áit ar fhulaing siad céastóireacht. Rinneadh iarracht Hitler a fheallmharú i mí Iúil 1944. Ina dhiaidh sin, chuir na Naitsithe i leith Adenauer go raibh

sé ag cur i gcoinne an réimis. Scaoileadh saor ó Brauweiler é i mí na Samhna na bliana sin.

Tar éis an dara cogadh domhanda, tharla tragóid phearsanta eile do Konrad Adenauer. Cailleadh a dhara bean, i mí an Mhárta 1948. Cuireadh borradh faoina ghairm arís go luath ina dhiaidh sin. I mí Mheán Fómhair 1948, toghadh é mar Uachtarán na Comhairle Parlaimintí, an comhlacht a raibh sé de chúram air Bundlí Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, an bunreacht nua, a dhréachtú.

Chaith sé an-dúthracht leis an Aontas Daonlathach Críostaí a chruthú, a dtugtar an CDU air go minic, chun Gearmánaigh Chaitliceacha agus Phrotastúnacha a aontú. In 1949, rinneadh seansailéir de Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine de, an chéad duine a bhí sa phost sin. Bhí sé 73 bliana d'aois nuair a toghadh é, rud a fhágann gurbh é an seansailéir is sine i stair na Gearmáine é. D'ainneoin an mhéid sin, bhí sé i seilbh an phoist ar feadh 14 bliana. Le linn na tréimhse sin, dhírigh sé ar dhaonlathas cobhsaí a dhéanamh den Ghearmáin, ionas nach bhféadfadh uafáis an Tríú Reich tarlú riamh arís.

Faoi Konrad Adenauer, rinne an Ghearmáin Thiar athmhuintearas lena comharsana agus rinneadh ball de Chomhairle na hEorpa, ECAT agus an Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíochta Eorpach den tír. Bhí Adenauer go mór ar son chruthú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach chomh maith, a seoladh an 9 Bealtaine 1950 le Dearbhú Schuman agus bhí sé ar son an Chonartha lenar cruthaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, a síníodh in 1957. Chuir sé na buntáistí a bhain leis in iúl nuair a labhair sé le lucht éisteachta mór in Metz na Fraince i mí an Mheithimh 1966:

*Wenn es uns gelingt, eine Organisation zu schaffen, die den Franzosen gestattet, alles das zu sehen, was auf dem Gebiete der Fabrikation von Stahl und der Förderung von Kohle in Deutschland vor sich geht und, wenn umgekehrt, die Deutschen sehen, was in Frankreich vor sich geht, dann ist diese gegenseitige Kontrolle das beste Mittel, um eine Politik zu treiben, die sich auf Vertrauen gründet.*

*Má éiríonn linn eagraíocht a chruthú a ligeann do na Francaigh gach rud a tharlaíonn i dtáirgeadh cruach agus in eastóscadh guail na Gearmáine a fheiceáil agus más féidir leis na Gearmánaigh próiseas na Fraince a fheiceáil chomh maith, beidh smacht frithpháirteach againn, agus an tslí is fearr chun polaitíocht atá bunaithe ar mhuinín a chruthú.*

An bua is mó a bhí ag Konrad Adenauer ná a chuid oibre ar an mbeartas eachtrach. Tar éis an mhéid a tharla dó sa Dara Cogadh Domhanda, chreid sé go láidir nach bhféadfaí síocháin agus cobhsaíocht mharthanach a bhaint amach san Eoraip ach amháin tríd an aontacht.

In 1963, shínigh an Fhrainc agus an Ghearmáin Conradh Elysée, a dtugtar an Conradh Cairdis air chomh maith. B'ócáid thábhachtach é sin a léirigh an t-athmhuintearas eatarthu tar éis céad bliain de naimhdeas. Ba léiriú é an Conradh chomh maith ar straitéis pholaitiúil Adenauer agus a fhís do ról na Gearmáine san Eoraip.

Bhí Konrad Adenauer go mór ar son na haontachta agus bhí sé i dtús áite ó thaobh athmhuintearas idir an Fhrainc agus an Ghearmáin a spreagadh, ach bhí deighilt le feiceáil ina thír sa tréimhse iar-chogaidh chomh maith. Mar bharr ar an donais, tógadh Balla Bheirlín in 1961, cúpla seachtain tar éis na dtoghchán.

Ach níor chuir an pholaitíocht a bhain le tógáil Bhalla Bheirlín isteach ar thoghadh Adenauer don cheathrú huair. Bhí comhrialtas ann ag an am idir grúpa parlaiminteach an Aontais Dhaonlathaigh Chríostaí/an Aontais Shóisialaigh Chríostaí agus an Páirtí Saor-Dhaonlathach. Bhí Adenauer i mbun oifige don chéad leath den tréimhse reachtach, mar a comhaontaíodh roimh ré, agus d'éirigh sé as oifig in 1963.

In 1966, agus é 90 bliain d'aois, d'éirigh sé as oifig chomh maith mar chathaoirleach feidearálach an CDU. Ba é sin deireadh a ghairmréime polaitiúla.

Cailleadh Konrad Adenauer, ar tugadh an leasainm 'Der Alte' nó 'An Seanóir' air, nuair a bhí sé 91 bliain d'aois. Tugadh onóir dó ar fud an domhain, mar pholaiteoir a bhí freagrach as saoirse, rathúnas agus slándáil shóisialta a thabhairt do na Gearmánaigh, agus bhí tionchar chomh mór céanna aige ar an Eoraip atá againn sa lá atá inniu ann. Dúirt Walter Hallstein, an chéad Uachtarán ar Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, an méid seo a leanas faoin oidhreacht a d'fhág Adenauer ó thaobh bheartas na hEorpa de:

*In jeder Politik ist so viel Stärke wie Hoffnung in ihr ist. Und in der europäischen Politik ist sehr viel Hoffnung. Dass das so ist, verdanken wir im Wesentlichen diesem Mann. Und darum neigen wir uns vor seiner Gesinnung und seiner politischen Lebensleistung.*

*Bíonn láidreacht gach beartais ag brath ar an dóchas a chuirtear ann. Agus tá an-chuid dóchais sa bheartas Eorpach. Is mar gheall ar an bhfear sin, go bunúsach, an méid sin. Agus is dá bhrí sin a dtugaimid ómós dá dhiongbháilteacht agus don mhéid a bhain sé amach ina shaol polaitiúil.*

Is é Europarl Radio, raidió gréasáin Pharlaimint na hEorpa, a chuir an podchraoladh seo i do láthair.